2025/523

21.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/523 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Márta 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L (+) Lactic Acid'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Meitheamh 2023 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311 ón gCoimisiún ([2]), rinneadh údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0028957-0000 aige a dheonú do CVAS Development GmbH chun an fhine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe táirge ('AST') le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha sin.

(2) An 12 Meán Fómhair 2023 agus an 4 Iúil 2024 rinne CVAS Development GmbH fógraí faoi athruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid' a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), ar fógraí iad a taifeadadh sa chlár do tháirgí bithicídeacha faoi chás-uimhreacha BC-XW088611-94 agus BC-PQ098457-00. Is le hainmneacha trádála a chur isteach a bhaineann na hathruithe atá beartaithe agus faoina dtugtar fógra.

(3) An 13 Deireadh Fómhair 2023 agus an 2 Lúnasa 2024 ([4]), i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe riaracháin faoina dtugtar fógra ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid'. Sna tuairimí, is é conclúid na Gníomhaireachta gur athruithe riaracháin iad na hathruithe atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a chur chun feidhme.

(4) An 26 Iúil 2024 rinne an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid' a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus cumhdaítear inti na hathruithe riaracháin ar fad ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(5) Comhaontaíonn an Coimisiún leis na tuairimí ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr CVAS Development GmbH a thabhairt isteach.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L (+) Lactic Acid' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 162, 28.6.2023, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1311/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) Tuairim UAD-C-1688636-18-00/F ó ECHA an 13 Deireadh Fómhair 2023 agus Tuairim UAD-C-1756814-27-00/F ó ECHA an 2 Lúnasa 2024 maidir le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

(6) Ach amháin i gcás na leasuithe maidir leis na hathruithe riaracháin, an fhaisnéis eile uile atá san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid' a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311, fanann sí gan athrú.

(7) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa chlár do tháirgí bithicídeacha i mí Feabhra 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a bheith san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá san Iarscríbhinn sin freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1311.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid

Cineál nó cineálacha táirge

PT03: Sláinteachas tréidliachta

PT04: Limistéar bia agus beatha

Uimhir an údaraithe EU-0028957-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0028957-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	CVAS Biocidal Product Family based on L(+) Lactic Acid

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta PT04: Limistéar bia agus beatha

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Name	CVAS Development GmbH
	Address	Am Hafen 16 68526 Ladenburg DE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0028957-0000	
Dáta an údaraithe	18 Iúil 2023	
Dáta éaga an údaraithe	30 Meitheamh 2033	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Calvatis GmbH
Seoladh an mhonaróra	Am Hafen 16 68526 Ladenburg An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Calvatis GmbH site 1 Am Hafen 16 68526 Ladenburg An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Arthur Schopf Hygiene GmbH & Co. KG
Seoladh an mhonaróra	Pfaffensteinstraße 1 83115 Neubeuern An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Arthur Schopf Hygiene GmbH & Co. KG site 1 Pfaffensteinstraße 1 83115 Neubeuern An Ghearmáin

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an mhonaróra	Purac Biochem bv
Seoladh an mhonaróra	Arkelsedijk 46 4206AC Gorinchem An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Purac Biochem bv site 1 Arkelsedijk 46 4206AC Gorinchem An Ísiltír

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 - 17,6 % (w/w)
Aigéad Meatáinshulfónach	Aigéad Meatáinshulfónach	Substaint neamhghníomhach	75-75-2	200-898-6	0 - 10,5 % (w/w)
Aigéad fosfarach	Aigéad fosfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-38-2	231-633-2	0 - 18,75 % (w/w)
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9	231-639-5	0 - 4,5 % (w/w)
Aigéad Isononanoic	Aigéad Isononanoic	Substaint neamhghníomhach	3302-10-1	221-975-0	0 - 2,5 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: mSPC1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 - 1,96 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	
Ráitis réamhchúraim	

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 1.1 – Díghalrú sine iar-bhleáin le tumadh láimhe nó uathoibrithe

An cineál táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú sine iar-bhleáin
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú sine iar-bhleáinTumadh láimhe le cupán dipeálaTumadh uathoibrithe ag róbat
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Táirge réidh le húsáid (RTU), 1,92-1,96 % L-(+)-aigéad lachtach - Airí uainithe: 2-3 uaire in aghaidh an lae (i ndiaidh gach bleán)
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna breosla ard-dlúis poileitiléine (HDPE): 5-60 kg Druma HDPE: 60-200 kg Coimeádán Builc Idirmheánach HDPE (IBC): 600-1000 kg

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Ní mór an táirge a thabhairt chuig teocht idir 20 °C agus 30 °C sula n-úsáidtear é.

Moltar úsáid a bhaint as pumpa dáileoige chun an táirge a líonadh isteach sa trealamh forchuir.

Líon taiscumar an pumpa dáileoige leis an táirge RTU. Seachain díluchtú leachtanna iomarcacha.

Cuir an táirge le tumadh láimhe nó uathoibrithe. Cinntigh go bhfuil na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán. Toirteanna do bha agus bhabhaill - 5 ml/cóireáil agus do chaora agus gabhair - 3 ml/cóireáil.

Fág an táirge ar na siní go dtí an chéad bhleáin eile. Coinnigh na ainmhithe ag seasamh ar feadh ar a laghad 5 nóiméad i ndiaidh cóireála.

I ndiaidh díghalraithe, glan an trealamh feidhme le sruthlú uisce.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Ceann ar bith

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Treoracha garchabhrach

MÁ IONANÁLAÍTEAR: cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: nigh craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: má tharlaíonn siomptóim, sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

Bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Réamhchúraimí timpeallachta: ná lig don táirge rith chomh fada le córais camrais ná le dobharlaigh.

Modhanna agus ábhar sriantaí agus glanta suas: ionsúigh le hábhar táthaithe leachta (gainneamh, diatóimít, ceanglóir uilíoch). Ná úsáid ábhar indóite amhail min

sáibh. Diúscair an t-ábhar a bheidh bailithe i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, faigh réidh leis an táirge nár úsáideadh agus leis an bpacáistiú i gcomhréir le ceanglais áitiúla.

Is féidir táirge nár úsáideadh a shruthlú isteach sa séarach bardasach nó a dhiúscairt i spruadar an aoiligh ag brath ar na ceanglais áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 24 mí

Ná stóráil ag teocht os cionn 40 °C.

Coinnigh amach ó theas agus solas díreach na gréine.

Cosnaítear ón tsioc é.

Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

6. **FAISNÉIS EILE**

Neamhábhartha

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Melkpower Filmdipp M	Réimse margaidh: AE
	Impos Filmdipp M	Réimse margaidh: AE
	calgodip Amadine Film	Réimse margaidh: AE
	AGRIMARKT MILCHSÄUREMAN-TEL	Réimse margaidh: AE

		IWETEC MILCHSÄURE DIPP	Réimse margaidh: AE		
		Fulldip Lacti Film	Réimse margaidh: AE		
		CareDip Film	Réimse margaidh: AE		
		Milchsäure Film	Réimse margaidh: AE		
		Lactoboost Film	Réimse margaidh: AE		
		Bonimal CARE Lac Dip	Réimse margaidh: AE		
		Bonimal CARE LactiVital Dip	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028957-0001 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		Dip es lac DL	Réimse margaidh: AE		
		Traylac O-F	Réimse margaidh: AE		
		Baktostop Lactic	Réimse margaidh: AE		
		Lacti-Bac Dip	Réimse margaidh: AE		
		DS 1.0 F	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028957-0002 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Dipp Top	Réimse margaidh: AE
	PQ-Blue Film	Réimse margaidh: AE
	calgodip Blue Kamille Film	Réimse margaidh: AE
	HappyFarm KamillDip Film	Réimse margaidh: AE
	Lacto Film	Réimse margaidh: AE
	MS Film	Réimse margaidh: AE
	LA Film	Réimse margaidh: AE

	BestFarm Blue Dip Film	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Milky Dip	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Milki Dip	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Milk Dip	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0003 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lacht-ach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Dip es protect DL	Réimse margaidh: AE
	BaktoStop lactic H	Réimse margaidh: AE
	Dip Agro Protect	Réimse margaidh: AE
	Kuhmilin Dip Top M	Réimse margaidh: AE
	Lacti-Protect Dip	Réimse margaidh: AE
	DSR 1.5 F	Réimse margaidh: AE
	ProfiMix inSilk	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0004 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lacht-ach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: mSPC2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	6,8 - 6,8 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith lámhainní cosanta. P280: Caith súilchosaint. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle liachta. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh cóir liachta. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir. P501: Diúscair ábhar i i gcomhréir le rialacháin áitiúla. P501: Diúscair coimeádán i i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 2.1 – Díghalrú sine iar-bhleáin le tumadh láimhe nó uathoibrithe

An cineál táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú sine iar-bhleáin
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú sine iar-bhleáinTumadh láimhe le cupán dipeálaTumadh uathoibrithe ag róbat
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: táirge RTU, 6,80 % L-(+)-aigéad lachtach - Airí uainithe: 2-3 uaire in aghaidh an lae (i ndiaidh gach bleán)
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna breosla HDPE: 5-60 kg Druma HDPE: 60-200 kg HDPE IBC: 600-1000 kg

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Ní mór an táirge a thabhairt chuig teocht idir 20 °C agus 30 °C sula n-úsáidtear é.

Moltar úsáid a bhaint as pumpa dáileoige chun an táirge a líonadh isteach sa trealamh forchuir.

Líon taiscumar an chaidéil dáilte leis an táirge RTU. Seachain díluchtú leachtanna iomarcacha.

Cuir an táirge le tumadh láimhe nó uathoibrithe. Cinntigh go bhfuil na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán. Toirteanna do bha agus bhabhaill - 5 ml/cóireáil agus do chaora agus gabhair - 3 ml/cóireáil.

Fág an táirge ar na siní go dtí an chéad bhleáin eile. Coinnigh na ainmhithe ag seasamh ar feadh ar a laghad 5 nóiméad i ndiaidh cóireála.

I ndiaidh díghalraithe, glan an trealamh feidhme le sruthlú uisce.

Coimeád as aimsiú leanaí.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Caith spéaclaí cosanta a bheidh i gcomhréir leis an gCaighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a choibhéis, éadaí cosanta a bheidh díonach ar an táirge bithicídeach, lámhainní díonach ar cheimiceáin a bheidh arna n-aicmiú faoin gCaighdeán Eorpach EN ISO 374 nó a choibhéis. Féach rannán 6 chun teidil iomlána na gCaighdeán EN a fháil.

Ábhar na spéaclaí cosanta, na lámhainní agus na n-éadaí cosanta lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe sa bhfaisnéis faoin táirge.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ar láthair na hoibre. Féach rannán 6 chun an tagairt iomlán don bhforáil dlí seo a fháil.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Treoracha garchabhrach

MÁ IONANÁLAÍTEAR: cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

MÁ SHLOGTAR: sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Réamhchúraimí timpeallachta: ná lig don táirge rith chomh fada le córais camrais ná le dobharlaigh.

Modhanna agus ábhar sriantaí agus glanta suas: ionsúigh le hábhar táthaithe leachta (gainneamh, diatóimít, ceanglóir uilíoch). Ná úsáid ábhar indóite amhail min sáibh. Diúscair an t-ábhar a bheidh bailithe i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, faigh réidh leis an táirge nár úsáideadh agus leis an bpacáistiú i gcomhréir le ceanglais áitiúla.

Is féidir táirge nár úsáideadh a shruthlú isteach sa séarach bardasach nó a dhiúscairt i spruadar an aoiligh ag brath ar na ceanglais áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 24 mí

Ná stóráil ag teocht os cionn 40 °C.

Coinnigh amach ó theas agus solas díreach na gréine.

Cosnaítear ón tsioc é.

Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

6. **FAISNÉIS EILE**

Is iad teidil iomlána na gcaighdeán EN a luaitear sna 'Bearta maolaithe riosca' i rannán 5.2 ná:

EN ISO 16321– Cosaint na súl agus na haghaidhe i gcomhair úsáideoirí ceirde.

EN ISO 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach.

Is é an tagairt iomlán i gcás na forála dlí a luaitear sna 'Bearta maolaithe riosca' i rannán 5.2 ná:

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		calgodip Amadine forte Film	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028957-0005 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	6,8 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		Dip es lac DLX	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028957-0006 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	6,8 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		calgodip Blue Kamille forte Film	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028957-0007 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	6,8 % (w/w)

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		Dip es protect DLX		Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe		EU-0028957-0008 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	6,8 % (w/w)

1. **MEITEA-SPC 3 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 3 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: mSPC3

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-3

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 3**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 3**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 - 1,96 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 3**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 3**

Ráitis ghuaise	
Ráitis réamhchúraim	

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 3.1 – Díghalrú sine iar-bhleáin le tumadh láimhe nó uathoibrithe nó spraeáil

An cineál táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú sine iar-bhleáin
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú sine iar-bhleáinTumadh láimhe le cupán dipeálaTumadh uathoibrithe ag róbat Airí modha: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú sine iar-bhleáinSpraeáil láimhe le spraeire truicirSpraeáil láimhe le spraeire leictreonachSpraeáil uathoibríoch le róbat
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: táirge RTU, 1,92-1,96 % L-(+)-aigéad lachtach - Airí uainithe: 2-3 uaire in aghaidh an lae (i ndiaidh gach bleán) Ráta úsáide: táirge RTU, 1,92-1,96 % L-(+)-aigéad lachtach - Airí uainithe: 2-3 uaire in aghaidh an lae (i ndiaidh gach bleán)
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna breosla HDPE: 5-60 kg Druma HDPE: 60-200 kg HDPE IBC: 600-1000 kg

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 3

5.1. Treoracha úsáide

Ní mór an táirge a thabhairt chuig teocht idir 20 °C agus 30 °C sula n-úsáidtear é.

Moltar úsáid a bhaint as pumpa dáileoige chun an táirge a líonadh isteach sa trealamh forchuir.

Líon taiscumar an chaidéil dáilte leis an táirge RTU. Seachain díluchtú leachtanna iomarcacha.

Cuir an táirge le tumadh láimhe nó uathoibrithe nó spraeáil. Cinntigh go bhfuil na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán. Toirteanna do bha agus bhabhaill - 5 ml/cóireáil agus do chaora agus gabhair - 3 ml/cóireáil.

Fág an táirge ar na siní go dtí an chéad bhleáin eile. Coinnigh na ainmhithe ag seasamh ar feadh ar a laghad 5 nóiméad i ndiaidh cóireála.

I ndiaidh díghalraithe, glan an trealamh feidhme le sruthlú uisce.

5.2. Bearta maolaithe riosca

Ceann ar bith

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Treoracha garchabhrach

MÁ IONANÁLAÍTEAR: cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: nigh craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: má tharlaíonn siomptóim, sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

Bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Réamhchúraimí timpeallachta: ná lig don táirge rith chomh fada le córais camrais ná le dobharlaigh.

Modhanna agus ábhar sriantaí agus glanta suas: ionsúigh le hábhar táthaithe leachta (gainneamh, diatóimít, ceanglóir uilíoch). Ná úsáid ábhar indóite amhail min sáibh. Diúscair an t-ábhar a bheidh bailithe i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ag deireadh na cóireála, faigh réidh leis an táirge nár úsáideadh agus leis an bpacáistiú i gcomhréir le ceanglais áitiúla.

Is féidir táirge nár úsáideadh a shruthlú isteach sa séarach bardasach nó a dhiúscairt i spruadar an aoiligh ag brath ar na ceanglais áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 24 mí

Ná stóráil ag teocht os cionn 40 °C.

Coinnigh amach ó theas agus solas díreach na gréine.

Cosnaítear ón tsioc é.

Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

6. **FAISNÉIS EILE**

Neamhábhartha

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 3**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	calgodip Amadine Spray	Réimse margaidh: AE
	AGRIMARKT MILCHSÄURENEBEL	Réimse margaidh: AE
	IWETEC MILCHSÄURE SPRAY	Réimse margaidh: AE
	Fulldip Lacti Spray	Réimse margaidh: AE
	CareDip Spray	Réimse margaidh: AE
	Milchsäure Spray	Réimse margaidh: AE
	Lactoboost Spray	Réimse margaidh: AE
	Care4cows Lactic Acid Spray	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Lac Spray	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE LactiVital Spray	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0009 1-3	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Dip es lac DL Spray	Réimse margaidh: AE
	Traylac O-S	Réimse margaidh: AE
	Lacti-Bac Spray	Réimse margaidh: AE
	DS 1.0 S	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0010 1-3	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	PQ-Blue Spray	Réimse margaidh: AE
	calgodip Blue Kamille Spray	Réimse margaidh: AE
	HappyFarm KamillDip Spray	Réimse margaidh: AE
	Lacto Spray	Réimse margaidh: AE
	MS Spray	Réimse margaidh: AE
	LA Spray	Réimse margaidh: AE
	Care4Cows Lactic Acid Kamille Spray	Réimse margaidh: AE
	BestFarm Blue Dip Spray	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Milky Spray	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Milki Spray	Réimse margaidh: AE
	Bonimal CARE Milk Spray	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0011 1-3	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Dip es protect DL Spray	Réimse margaidh: AE
	Dip Agro Protect SP	Réimse margaidh: AE
	Kuhmilin Sprüh Top M	Réimse margaidh: AE
	Lacti-Protect Spray	Réimse margaidh: AE
	DSR 1.5 S	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028957-0012 1-3	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	1,92 % (w/w)

1. **MEITEA-SPC 4 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 4 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: mSPC4

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-4

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 4**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 4**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	6,8 - 6,8 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 4**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 4**

Ráitis ghuaise	H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith lámhainní cosanta. P280: Caith súilchosaint. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle liachta. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh cóir liachta. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir. P501: Diúscair ábhar i i gcomhréir le rialacháin áitiúla. P501: Diúscair coimeádán i i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 4.1 – Díghalrú sine iar-bhleáin le tumadh láimhe nó uathoibrithe nó spraeáil

An cineál táirge	PT03: Sláinteachas tréidliachta
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú sine iar-bhleáin

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú sine iar-bhleáinTumadh láimhe le cupán dipeálaTumadh uathoibrithe ag róbat Airí modha: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú sine iar-bhleáinSpraeáil láimhe le spraeire truicirSpraeáil láimhe le spraeire leictreonachSpraeáil uathoibríoch le róbat
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: táirge RTU, 6,80 % L-(+)-aigéad lachtach - Airí uainithe: 2-3 uaire in aghaidh an lae (i ndiaidh gach bleán) Ráta úsáide: táirge RTU, 6,80 % L-(+)-aigéad lachtach - Airí uainithe: 2-3 uaire in aghaidh an lae (i ndiaidh gach bleán)
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna breosla HDPE: 5-60 kg Druma HDPE: 60-200 kg HDPE IBC: 600-1000 kg

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 4

5.1. Treoracha úsáide

Ní mór an táirge a thabhairt chuig teocht idir 20 °C agus 30 °C sula n-úsáidtear é.

Moltar úsáid a bhaint as pumpa dáileoige chun an táirge a líonadh isteach sa trealamh forchuir.

Líon taiscumar an chaidéil dáilte leis an táirge RTU. Seachain díluchtú leachtanna iomarcacha.

Cuir an táirge le tumadh láimhe nó uathoibrithe nó spraeáil. Cinntigh go bhfuil na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán. Toirteanna do bha agus bhabhaill - 5 ml/cóireáil agus do chaora agus gabhair - 3 ml/cóireáil.

Fág an táirge ar na siní go dtí an chéad bhleáin eile. Coinnigh na ainmhithe ag seasamh ar feadh ar a laghad 5 nóiméad i ndiaidh cóireála.

I ndiaidh díghalraithe, glan an trealamh feidhme le sruthlú uisce.

Coimeád as aimsiú leanaí.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Caith spéaclaí cosanta a bheidh i gcomhréir leis an gCaighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a choibhéis, éadaí cosanta a bheidh díonach ar an táirge bithicídeach, lámhainní díonach ar cheimiceáin a bheidh arna n-aicmiú faoin gCaighdeán Eorpach EN ISO 374 nó a choibhéis.

Ábhar na spéaclaí cosanta, na lámhainní agus na n-éadaí cosanta lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe sa bhfaisnéis faoin táirge.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ar láthair na hoibre.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Treoracha garchabhrach

MÁ IONANÁLAÍTEAR: cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

